

# An Garda Síochána



LEABHRÁN EOLAIS D'IARRTHÓIRÍ

LÉIGH É SEO GO CÚRAMACH, LE DO THOIL, SULA NDÉANANN TÚ  
IARRATAS

Comórtas Oscailte do Cheapachán le post  
**Oifigeach Cléireachais (Buan agus Sealadach)**  
ar fud na Tíre  
in  
**An Garda Síochána**

HRD\_37D-272366/23

**Dáta Deiridh: 3pm, 27ú Dé Céadaoin, Meán Fómhair, 2023**

Tá an Garda Síochána tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

Cuirfear an comórtas seo ar bun i gcomhlíonadh an Chóid Chleachtais a d'ullmhaigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (an CCSP) - atá ar fáil ag [www.cpsa.ie](http://www.cpsa.ie)

TEAGMHÁIL: Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna an Gharda Síochána, Teach Áth Luimnigh, Baile Sheáin, An Uaimh, Contae na Mí, C15 ND62.

Ríomhphost: [CO2023@garda.ie](mailto:CO2023@garda.ie)

**IS POST É GUR  
FIÚ A DHÉANAMH**



## Clár Ábhar

MÍR 1: Léargas Ginearálta ar an nGarda Síochána	3
MÍR 2: Cur Síos ar an Obair	4
MÍR 3: Sonraíocht an Duine	5
MÍR 4: Cáilitheacht chun dul san Iomaíocht	7
MÍR 5: Príomhchoinníollacha na Seirbhíse	9
MÍR 6: Iarratais agus an Próiseas Roghnúcháin	16
MÍR 7: Eolas Tábhachtach d'Iarrthóirí	19

## MÍR 1: Léargas Ginearálta ar an nGarda Síochána

Is é an Garda Síochána seirbhís náisiúnta póilíní agus slándála na hÉireann ina bhfuil thart ar 14,000 Garda, 3,300 Ball Foirne an Gharda Síochána agus 300 Garda Cúltaca. Is é misean an Gharda Síochána *'Ag Coinneáil Daoine Sábháilte'*. Tá an Garda Síochána uathúil i measc seirbhísí póilíneachta go hidirnáisiúnta, mar chomhlacht aonadach atá freagrach as slándáil an Stáit, agus as seirbhísí póilíneachta a sholáthar. Tá an dá fheidhm aontaithe ag fealsúnacht a bhuntacaíonn leis: an duine aonair agus sábháilteacht pobal a chosaint. Tá an Garda Síochána sa phobal agus mar chuid den phobal, agus tá póilíneacht phobail i gceartlár an mhéid a dhéanann an eagraíocht.

Lena cheadú don Gharda Síochána seirbhísí póilíneachta níos freagrúla, níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a sholáthar, tá bunathruithe á ndéanamh faoi láthair ar struchtúr na heagraíochta. Trí Shamhail Oibriúcháin Eagraíochta nua a chur i bhfeidhm, aistríodh an Garda Síochána ó shamhail gheografach go samhail fheidhmiúil de sholáthar seirbhíse póilíneachta, agus eagrófar ár n-acmhainní timpeall ar na seirbhísí a sholáthraímid. Déanfar roinnt athstruchtúrú suntasach freisin ar rannóga ceanncheathrún agus aonaid náisiúnta araon. Ceadóidh an t-athstruchtúrú seo oibriú níos éifeachtúla, soláthar seirbhíse feabhsaithe agus cumas méadaithe chun tacaíocht a sholáthar do phobail agus íospartaigh na coireachta.

Cruthaíonn éilimh agus ionchais athraitheacha saoránach, na dúshlán slándála agus phóilíneachta atá ag teacht chun cinn agus an clár athchóirithe fairsing anuas ar theicneolaíocht agus córais nua a thabhairt isteach éileamh práinneach ar straitéisí agus beartais leanúnacha a fheabhsú. Caithfidh na feabhsúcháin seo a chinntiú go mbíonn na scileanna, an t-eolas agus an saineolas ag ár ndaoine, cibé acu más Gardaí nó Gardaí Cúltaca iad, chun an cumas a sholáthar a theastaíonn ón eagraíocht chun freagairt do na héilimh shíorathraitheacha a chruthaíonn an phóilíneacht.

Anuas ar infheistiú ina daoine, tá an eagraíocht ag infheistiú i mbonneagar agus trealamh TFC. Mar Oifigeach Cléireachais, is féidir thú a shannadh d'obair i limistéir ar nós Airgeadais, Dlí, nó Acmhainní Daonna. Oibríonn Oifigigh Chléireachais freisin i Sainsonaid agus i Sainrannáin ar fud na tíre taobh le agus ag tacú le comhghleacaithe an Gharda Síochána le daoine a choimeád sábháilte.

Eagraíocht dhinimiciúil é an Garda Síochána inar féidir leis an bpearsanra go léir taitneamh a bhaint as gairm bheatha seirbhíse thairbheach agus fhiúntach a chaitheamh ag freastal ar phobail agus muintir na hÉireann.

Earcaítear foireann an Gharda Síochána a earcaítear faoi láthair leis an nGarda Síochána mar Státseirbhísigh. Athrófar seo ar achtú reachtaíochta nua agus beidh an fhoireann go léir a earcófar ón tráth sin mar Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí.



## Ról Oifigeach Cléireachais

Lorgaíonn an Garda Síochána Oifigigh Chléireachais Bhuana agus Shealadacha a fhostú ar fud na tíre sa Gharda Síochána.

Ar chríochnú an chomórtais, bunófar dhá phainéal agus leanfaidh siad de bheith i bhfeidhm ar feadh tréimhse 2 bhliain ón tráth a cruthaíodh na painéil i dtosach.

### MÍR 2: Cur Síos ar an Obair

#### **Freagrachtaí**

D'fhéadfadh cineál na hoibre a dhéanann foireann cléireachais a bheith éagsúil ag brath ar an limistéar sa Gharda Síochána ina sanntar iad. Bainfidh na tascanna cléireachais/riaracháin siúd leis is féidir a shannadh don fhostaí ó thráth go chéile.

Seo a leanas na gnáthdualgais a mb'fhéidir go mbeidh ort tabhairt fúthu, má cheapfar thú.

- Dualgais ghinearálta chléireachais agus riaracháin, e.g., comhdú, fótachóipeáil, glaonna gutháin a fhreagairt/a chur, déileáil le ríomhphoist etc. faoi mhaoirseacht bainisteoir ainmnithe;
- Tacú le bainisteoirí líne, agus comhghleacaithe – idir Foireann an Gharda Síochána agus Comhaltaí an Gharda Síochána;
- Oibriú mar chuid d'fhoireann le seirbhísí a sholáthar;
- B'fhéidir go mbeidh idirghníomhú leis an bpobal - cumarsáid a dhéanamh agus ceisteanna a fhreagairt agus eolas a sholáthar ar bhonn aghaidh ar aghaidh, ar an nguthán nó ar ríomhphost, i gceist leis an ról;
- Na caighdeáin is airde de sheirbhís do chustaiméirí a sholáthar;
- Teicneolaíocht Faisnéise a úsáid ar bhonn laethúil, e.g. próiseáil focal, scarbhileoga, bunachair shonraí, ríomhphost agus idirlíon;
- Taifid ardchaighdeán a choimeád ar bhealach críochnúil agus eagraithe;
- An obair go léir a sheiceáil go críochnúil lena chinntiú go ndéantar é go léir ar ardchaighdeán;
- Tabhairt faoin obair ar bhealach cúramach agus córasach, cruinneas a léiriú ag gach tráth, fiú nuair a thugtar faoi ghnáthobair/obair athfhillteach;
- Aon dualgais eile a mheastar gur cuí a bhaineann le grád Oifigeach Cléireachais.

## MÍR 3: Sonraíocht an Duine

Duine sárionraic agus a bhfuil na luachanna eiticiúla is mó acu agus a léiríonn treallús, tiomantas agus fuinneamh pearsanta a bheidh san iarrthóir a cheapfar ina (h)Oifigeach Cléireachais nó ina (h)Oifigeach Cléireachais Sealadach sa Gharda Síochána. Cothóidh siad cultúr d'iompar eiticiúil agus d'fhreagracht phearsanta i measc a limistéar freagrachta.

### **Taithí/Cáilíochtaí Riachtanacha:**

Caithfidh an méid seo a leanas a bheith ag an iarrthóir faoin dáta deiridh 20ú Dé Céadaoin, Meán Fómhair, 2023:

- An t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha chun tabhairt faoin ról;
- A bheith ábalta agus inniúil an ról a chomhlíonadh ar ardchaighdeán;
- Leibhéal maith ginearálta oideachais;
- A bheith ar a laghad 17 mbliana d'aois faoin dáta deiridh, i.e. rugadh iad an nó roimh 20ú Meán Fómhair, 2006.
  - Teastóidh toiliú tuismitheora/caomhnóra ó iarrthóirí faoi aois 18 mbliana chun tabhairt faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.
- Riachtanais saoránachta, sláinte agus charachtair (féach thíos) a shásamh agus tabhairt faoi Ghrinnfhiosrúchán agus Imréiteach Slándála an Gharda Síochána.

### **Riachtanais Inmhianaithe:**

- Taithí oibre ábhartha roimhe seo, agus is fearr an taithí sin a bheith i dtimpeallacht oifige seirbhíse do chustaiméirí;
- Scileanna/taithí ar Microsoft Excel agus Microsoft Word.

Anuas ar an méid thuas, caithfidh iarrthóirí a bheith in ann na príomhinniúlachtaí a léiriú a shainiú ar mhaithe le feidhmíocht éifeachtach ar an leibhéal seo.

- Obair Bhuíne;
- Bainistiú/Próiseáil Faisnéise;
- Torthaí a Sholáthar;
- Seirbhís do Chustaiméirí agus Scileanna Cumarsáide;
- Eolas Speisialaithe, Saineolas agus Féinfhorbairt;
- Treallús agus Tiomantas do Luachanna na Seirbhíse Poiblí.

Tá eolas breise ar fáil lastall.

**Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach dtugtar le fios go sásaíonn siad na critéir cháilitheachta díreach mar gheall gur tugadh cead isteach chuig an iomaíocht dóibh. Ar an ábhar sin, ba cheart d'iarrthóirí a shásamh dóibh féin go sásaíonn siad na critéir cháilitheachta don iomaíocht seo.**

<b>Inniúlachtaí ar Leibhéal Oifigeach Cléireachais</b>	
Táscairí Feidhmíochta Éifeachtaí	
Obair Bhuíne	Léirítear meas ar chomhghleacaithe agus ar chomhoibrithe
	Forbraítear agus cothaítear caidreamh maith le daoine eile, roinntear eolas agus faisnéis mar is cuí
	Cuirtear a smaointe agus a bpeirspictíochtaí féin ar fáil
	Tuigtear a ról féin san fhoireann, déantar gach iarracht a bpáirt a ghlacadh
Faisnéis a Bhainistiú/a Phróiseáil	Tugtar faoin obair agus déantar an obair go léir ar bhealach críochnúil agus eagraithe
	Cloítear le nósanna imeachta agus le prótacail, tuigtear a luach agus an réasúnaíocht a bhaineann leo
	Coimeádtar taifid ardchaighdeán atá éasca ar dhaoine eile a thuiscint
	Baintear na tátail chuíf as faisnéis
	Moltar bealaí nua le rudaí a dhéanamh níos fearr agus níos éifeachtúla
	Táthar compordach ag oibriú le saghsanna éagsúla faisnéise, e.g. scríofa, uimhriúil, cairteacha, agus déantar ríomhanna cosúil le huimhríocht, céatadán etc.
Torthaí a Sholáthar	Glactar le freagracht as obair agus tugtar chun críche é chuig an gcéad leibhéal cuí eile
	Déantar obair ar bhealach tráthúil
	Téitear i dtaithí go tapa ar bhealaí nua le rudaí a dhéanamh
	Seiceáiltear an obair go léir go críochnúil lena chinntiú go ndéantar ar ardchaighdeán é agus foghlaimítear ó bhotúin
	Scríobhtar leis an ngradamach agus an litriú ceart agus baintear tátail réasúnta as tátail réasúnta ó threoracha scríofa
	Saináithnítear agus tuigtear an phráinn a bhaineann le tascanna éagsúla
	Léirítear stuaim agus solúbthacht i dtaobh a chinntiú go soláthraítear obair
	Braitear orthu féin agus déantar an cinneadh faoi cathain treoir a iarraidh ar an mbainistíocht nó ar chomhghleacaithe
Scileanna Seirbhísí do Chustaiméirí agus Cumarsáide	Éistear go gníomhach le daoine eile agus déantar iarracht a bpeirspictíochtaí/a riachtanais a thuiscint
	Tuigtear na céimeanna/na próisis nach mór do chustaiméirí tabhairt fúthu agus is féidir iad seo a mhíniú go soiléir
	Léirítear meas, táthar cúirtéiseach agus gairmiúil, bítear stuama, fiú i gcúinsí dúshlánacha
	Bítear seasmhach, nuair is gá, agus déantar cumarsáid le daoine eile le muinín agus le húdarás
	Déantar cumarsáid go soiléir agus go líofa nuair a bhítear ag labhairt agus ag scríobh
Eolas Speisialaithe, Saineolas agus Féinhorbairt	Na scileanna agus an saineolas a fhorbairt agus a chothú a theastaíonn chun go bhfeidhmítear go héifeachtach sa ról, e.g. teicneolaíochtaí ábhartha, córais TF, scairbhileoga, Microsoft Office, beartais ábhartha etc.
	Tuigtear go soiléir an ról, na cuspóirí agus na spriocanna agus conas a thacaíonn siad le hobair an aonaid
	Táthar tiomanta d'fhéinhorbairt agus lorgaítear feidhmíocht phearsanta a fheabhsú go leanúnach
Treallús agus Tiomantas do Luachanna na Seirbhíse Poiblí	Déantar iarracht chomhsheasmhach feidhmiú ar ardleibhéal agus seirbhís ardchaighdeán a sholáthar
	Freastalaítear ar Rialtas agus ar mhuintir na hÉireann
	Táthar críochnúil agus coinsiasach, fiú más gnáthobair atá san obair
	Táthar díograiseach agus athléimneach, agus leantar orthu nuair a bhíonn dúshlán agus moilleanna i gceist
	Táthar ionraic agus macánta go pearsanta
	Gníomhaítear le hionracas ag gach tráth

## MÍR 4: Cáilitheacht chun dul san Iomaíocht

### Cáilitheacht chun dul san iomaíocht agus srianta áirithe ar cháilitheacht

#### Riachtanais Saoránachta

#### Ní mór d'iarrthóirí incháilithe na critéir a leanas a shásamh:

- Caithfidh gur saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíochta (LEE) iad. Is éard atá san LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh, anuas ar an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- Caithfidh gur saoránach den Ríocht Aontaithe (an RA) iad; nó
- Caithfidh gur saoránach iad den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- Caithfidh gur saoránach neamh-LEE iad ar céile nó leanbh le saoránach an LEE nó an RA nó na hEilvéise iad agus a bhfuil víosa stampa 4 acu; nó
- Caithfidh gur bronnadh cosaint idirnáisiúnta orthu faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015 nó ar aon duine muinteartha leo atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlach agus a bhfuil víosa stampa 4 acu; nó
- Caithfidh gur saoránach neamh-LEE iad ar tuismitheoir iad le leanbh cleithiúnach ar saoránach iad de bhallstát LEE nó den RA nó den Eilvéis nó a chónaíonn i mballstát LEE nó sa RA nó san Eilvéis, agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

**Chun cáiliú, caithfidh go bhfuil iarrthóirí incháilithe faoi dháta aon tairisceana poist.**

#### **Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí**

Tugadh isteach i litir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 a seoladh chuig Oifig Phearsanra, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann a rinneadh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Phoiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí. Coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann is ea é nach mbeidh daoine a gcuirtear an comhaontú ar fáil dóibh incháilithe d'athfhostú sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (faoi mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Beidh ar dhaoine a bhí rannpháirteach sa scéim seo agus a bhféadfadh go n-éiríonn leo san iomaíocht a gcáilitheacht a chruthú (éag thréimhse na neamhcháilitheachta).

#### **Scéim Dhreasaithe do Luathscor (SDLS)**

Coinníoll den Scéim Dhreasaithe do Luathscor (ISER), faoi mar a leagtar amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais, nach bhfuil pinsinéirí, faoin Scéim sin, i dteideal iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Ar an ábhar sin, ní féidir leis na pinsinéirí siúd cur isteach ar an bpost seo.

## **Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanáí (7/2010)**

Tugadh isteach i gCiorclán 7/2010 na Roinne Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010 Scéim Spriocdhírithé Luathscoir Dheonaigh (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonaí (VRS). Coinníoll den scéim VER nach mbeidh daoine a bhíonn rannpháirteach sa scéim incháilithe d'athfhostú san earnáil sláinte poiblí nó sa tseirbhís phoiblí níos fairsinge nó i gcomhlacht a chistítear go hiomlán nó go príomha le hairgead poiblí.

Bíonn an cosc céanna ar athfhostú i gceist faoin VRS, seachas go maireann an cosc ar feadh tréimhse 7 mbliana. Níl daoine a bhí rannpháirteach sa scéim VER incháilithe chun dul san iomaíocht san iomaíocht seo. Beidh ar dhaoine a bhí rannpháirteach sa scéim VRS agus a bhféadfadh go n-éiríonn leo san iomaíocht a gcáilitheacht a chruthú (éag thréimhse na neamhcháilitheachta).

## **An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Litir Chiorcláin LG(P) 06/2013)**

Tugadh Scéim Iomarcaíochta Deonaí d'Údaráis Áitiúla isteach i Litir Chiorcláin LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. I gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí dar dáta an 28 Meitheamh 2012, faoi mar a shonraítear thuas, coinníoll ar leith is ea é nach mbeidh daoine incháilithe d'athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [faoi mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011 agus an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2009] ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a fhágann siad faoin Scéim seo. Bíonn baint ag na coinníollacha seo, chomh maith, i gcás rannpháirtíochta/fostaíochta ar bhonn conradh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).

## **Dearbhú**

Beidh ar iarratasóirí a dhearbhú cé acu an raibh nó nach raibh siad rannpháirteach roimhe seo i scéim Seirbhíse Poiblí de luathscor dreasaithe. Beidh ar iarratasóirí aon teidlíochtaí do shochar pinsin Seirbhíse Poiblí a dhearbhú (atá á n-íoc nó atá á gcaomhnú) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile agus/nó sa chás go bhfuair siad íocaíocht ina ionad maidir le seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.

## **An Rogha Fostóra**

Mar an Rogha Fostóra, is iomaí beartas oibre solúbtha agus a thacaíonn leis an teaghlach atá ag an Státseirbhís, e.g. Bliain Oibre Níos Giorra, Cianoibriú (a oibrítear ar bhonn 'cumaisc') etc. Is féidir cur isteach ar na beartais roghnacha go léir i gcomhréir leis na forálacha reachtúla ábhartha agus bíonn siad faoi réir riachtanais ghnó na heagraíochta.



## MÍR 5: Príomhchoinníollacha na Seirbhíse

### Ginearálta

Tá na ceapacháin le poist bhuana/shealadacha sa Státseirbhís agus tá siad faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005, an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 agus aon Achta eile atá i bhfeidhm maidir leis an Státseirbhís de thuras na huair.

*Tabhair faoi deara, le do thoil, go ndéanfar ceapacháin sula gcuirfear an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail i bhfeidhm le grád Státseirbhíse lena mbaineann téarmaí agus coinníollacha Státseirbhíse. Déanfar ceapacháin tar éis go gcuirfear an tAcht i bhfeidhm le grád sa tSeirbhís Phoiblí lena mbaineann téarmaí agus coinníollacha nach bhfuil níos mífhabhráí ná an grád comhionann Státseirbhíse.*

### Tuarastal

Seo a leanas Scála PPC Tuarastail an Oifigigh Cléireachais (rátaí éifeachtach ón 1 Márta 2023):

€519.96	€552.66	€560.96	€577.18	€601.09	€624.97
€648.84	€666.22	€685.91	€708.79	€724.90	€747.54
€770.05	€805.17	€832.78	€845.43		
		LSI1	LSI2		

\*Féadfaidh Breisiú Fadseirbhíse 1 a bheith iníoctha i ndiaidh seirbhís shásúil 3 bliana a sholáthar ar uasmhéid an scála.

\*\*Féadfaidh Breisiú Fadseirbhíse 2 a bheith iníoctha i ndiaidh seirbhís shásúil 6 bliana a sholáthar ar uasmhéid an scála.

### Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta

Baineann ráta pá an CRI nuair a bhíonn ar an duine aonair a Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (tugtar ranníocaíocht phríomhscéime air freisin) a íoc i gcomhréir le rialacha a bpríomhscéime aoisliúntais/a scéime pearsanta aoisliúntais. Ní hionann seo agus ranníocaíocht maidir le ballraíocht de scéim Céilí agus Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais (ASC).

Beidh ráta éagsúil i gceist nuair is státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí an ceapaí a ceapadh roimh an 6 Aibreán 1995 nach gá dóibh Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

### Nóta Tábhachtach

Iontrálfar an scála ar an bpointe íosta agus ní dhéanfar idirbheartaíocht faoin ráta luach saothair agus is féidir an ráta luach saothair a choigeartú ó thráth go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.

D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist, más Státseirbhíseach nó Fostaí sa tSeirbhís Phoiblí cheana féin an ceapaí díreach sular ceapadh iad. Féadtar breisithe a bhronnadh gach bliain faoi réir feidhmíocht shásúil.

Déanfar íocaíocht gach coicís i riaráistí trí Ríomhaistriú Airgid (EFT) isteach i rogha cuntas bainc oifigeigh. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí gur cuireadh uimhir chuntas bainc agus cód sórtála bainc ar fáil don Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna, Teach Áth Luimnigh, Baile Sheáin, An Uaimh, Contae na Mí, C15 ND62. Déanfar asbhaintí reachtúla ó thuarastal, faoi mar is cuí.

Comhaontóidh tú, ar do cheapadh, go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntas, nó costas i gcomhréir le Ciorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-Íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas, agus Costas a rinneadh le Comhaltaí Foirne/Iar-Chomhaltaí Foirne/Pinsinéirí.

### **Rogha Láithreach**

Is féidir leat láthair **amháin** a roghnú ar an bhfoirm iarratais. Níor cheart duit ach láthair a roghnú a mbeifeá sásta oibriú inti, má chuirfear ceapachán ar tairiscint duit.

Ceatharlach	Lú
An Cabhán	An Longfort
An Clár	Maigh Eo
Corcaigh	An Mhí
Dún na nGall	Muineachán
Baile Átha Cliath	Uíbh Fhailí
Gaillimh	Ros Comáin
Ciarraí	Sligeach
Cill Dara	Tiobraid Árann
Cill Chainnigh	Port Láirge
Laois	An Iarmhí
Liatroim	Loch Garman
Luimneach	Cill Mhantáin

**Ní cheadófar athruithe ar do rogha láithreach i ndiaidh an dáta deiridh.** Ní dhéanfar breithniú ort ach d'fholúntais i gcathair/mbaile sa chontae a roghnaigh tú. Cuirtear in iúl d'iarrthóirí go mb'fhéidir nach dtiocfaidh folúntais aníos ach i ngach ceann de na láithreacha thuas fad atá an painéal seo gníomhach. A luaithe a shanntar iarrthóir, baintear iad ón bpainéal.

### **Post**

Úsáidfeadh na painéil seo le poist bhuna agus/nó shealadacha a líonadh ar an ngrád seo a d'fhéadfadh teacht aníos i rith shaolré na bpainéal.

### **Tionacht Shealadach (Oifigeach Cléireachais Sealadach)**

Déanfar na sannacháin le post sealadach. Is éagsúil a bheidh fad agus tréimhse chonartha shealadaigh ó phost go post. Níl aon teidlíocht do phost buan.

Is éagsúil a bheidh fad do phromhaidh ag brath ar an gconradh a bhronntar. Is ionann a bheidh promhadh i bhformhór na gcúinsí agus 1/3 de mhéid iomlán an chonartha. Sampla: Bronntar an conradh do 12 sheachtain – mairfidh an promhadh 4 seachtaine.

D'ainneoin an ailt thuas faoi thionacht, tá an ceart ar coimeád againn machnamh a dhéanamh ar Phróiseas Roghnúcháin teoranta a chur ar bun do cheapachán le poist áirithe sa Garda Síochána faoi chúinsí áirithe teoranta.

Cuirfear aon phróiseas den saghas sin i gcomhlíonadh an Chód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (an CCSP).

### **Tionacht Bhuan agus Promhadh (Oifigeach Cléireachais)**

Déanfar an ceapachán le post buan bunaithe ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís. Post lánaimseartha inphinsin é seo.

Mairfidh an conradh promhaidh ar feadh tréimhse bliana ón dáta a shonraítear ar an gconradh. D’ainneoin an ailt seo agus an ailt a leanann díreach ina dhiaidh seo thíos, ní fhágfaidh seo síneadh an chonartha promhaidh as an áireamh, faoi chúinsí cuí.

I rith tréimhse do chonartha promhaidh, beidh d’fheidhmíocht faoi réir athbhreithniú ag do mhaoirseoir/mhaoirseoirí leis an méid seo a leanas a dheimhniú:

- D’fheidhmigh tú ar bhealach sásúil,
- Bhí d’iompar sásúil, go ginearálta, agus
- Tá tú oiriúnach ó pheirspictíocht na sláinte de agus aird ar leith ar shaoire bhreiteachta.

Sula gcríochnófar an conradh promhaidh, déanfar cinneadh faoi cé acu chun nó gan tú a choimeád de bhun Alt 5A(2) de na hAchtanna Rialaithe Státseirbhíse, 1956-2005. Bunófar an cinneadh seo ar d’fheidhmíocht a dhéanfar a mheasúnú in aghaidh na gcrítéar a leagtar amach in (i) go (iii) thuas. Míneofar sonraí faoin bpróiseas promhaidh duit agus tabharfar cóip duit de threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le promhadh.

D’ainneoin na n-alt thuas sa mhír seo, is féidir an conradh promhaidh a scor ag aon tráth sula n-éagfaidh téarma an chonartha ag ceachtar taobh i gcomhréir leis na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

Is féidir do chonradh a shíneadh agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí faoi chúinsí áirithe. Caithfidh an dá pháirtí comhaontú ar an síneadh.

- Beidh an tréimhse phromhaidh curtha ar fionraí nuair a bhíonn fostaí as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Saoire Uchtaíoch
- Maidir le fostaí a bheith as láthair ar Saoire Thuismitheoireachta nó Saoire Chúramóra, b’fhéidir go dteastóidh ón bhfostaí go gcuirfear promhadh ar fionraí mura meastar go bhfuil an asláithrecht comhsheasmhach leis leanúint an phromhaidh.
- Is féidir promhadh a chur ar fionraí i gcásanna ar nós asláithreachta mar gheall ar bhreiteacht neamh-athfillteach.

Is féidir leis an bhfostaí, faoi na cúinsí seo, iarratas a dhéanamh ar an bhfostóir ar shíneadh a chur ar thréimhse an chonartha.

### **Uaireanta Freastail**

Socrófar uaireanta freastail ó thráth go chéile ach ní bheidh níos lú ná 41 uair agus 15 nóiméad, ar an meán, ar an olliomlán nó 35 uair an chloig, ar an nglaniomlán, sa tseachtain i gceist leo, sosanna lóin san áireamh.

Beidh ar an iarrthóir rathúil na huaireanta breise siúd a oibriú ó thráth go chéile amhail a bheidh réasúnta agus riachtanach chun tabhairt faoin d(h)ualgais i gceart faoi réir na teorainneacha a leagtar amach sna rialacháin ama oibre.

### **Saoire Bhliantúil**

Is ionann an liúntas saoire bliantúla don phost seo agus 22 lá oibre sa bhliain, a rachaidh i méid aníos go dtí 23 lá i ndiaidh seirbhís 5 bliana, 24 lá i ndiaidh seirbhís 10 mbliana, 25 lá i ndiaidh seirbhís 12 bhliain agus 26 lá i ndiaidh seirbhís 14 bliana. Tá an liúntas seo faoi réir na ngnáthchoinníollacha i dtaca le saoire bhliantúil a dheonú, agus bunaítear é ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear na gnáthshaoirí poiblí leis.

Beidh an tsaoire bhliantúil do na poist shealadacha ar bhonn pro rata.

### **Fostaíocht Sheachtrach**

Post lánaimseartha a bheidh sa phost agus ní féidir le ceapaithe tabhairt faoi chleachtas príobháideach nó baint a bheith acu le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar fheidhmiú dualgas oifigiúil.

### **Saoire Bhreiteachta**

Íocfar pá ar bhonn pro-rata fad a bhíonn fostaí as láthair mar gheall ar bhreiteacht agus nuair a dheimhnítear seo i gceart agus a fhad nach ann d'aon fhianaise i leith míchumas buan chun seirbhís a sholáthar, i gcomhréir le forálacha na gclárán um shaoire bhreiteachta.

Beidh ar oifigigh a mbeidh ráta ÁSPC Aicme A á íoc acu sainordú a shíniú a údaraíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí chun aon sochair a íoc atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh go díreach leis an Roinn nó an Eagraíocht a fhostaíonn iad. Déanfar íocaíocht i rith breiteachta a fhad agus a dhéanann an t-oifigeach na héilimh riachtanacha ar shochar árachais shóisialaigh leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

Beidh ort sainordú a shíniú a údaraíonn an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí chun aon sochair a íoc atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh go díreach leis an nGarda Síochána. Déanfar tuarastal a íoc i rith breiteachta a fhad agus a dhéanann tú na héilimh riachtanacha ar shochar árachais shóisialaigh leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

### **Aoisliúntas agus Scor**

Cuirfear na téarmaí agus coinníollacha cuí aoisliúntais ar fáil don iarrthóir rathúil atá i bhfeidhm sa Státseirbhís ag an tráth a chuirtear ceapachán ar tairiscint dóibh. Go ginearálta, cuirfear ceapachán ar tairiscint do cheapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí bunaithe ar bhallaíocht den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (“an Scéim Aonair”). Tá sonraí iomlána faoin Scéim ar fáil ag [www.singlepensionscheme.gov.ie](http://www.singlepensionscheme.gov.ie)

Nuair a d'oibrigh an ceapá i bpost seirbhíse poiblí inphinsin (téarmaí neamh-Scéim Aonair) sna 26 seachtain dheireanach sular ceapadh é/í nó má tá sé/sí ar sos gairm bheatha nó ar saoirse

speisialta le/gan phá, d'fhéadfadh téarmaí éagsúla a bheith i gceist. Bunófar teidlíocht phinsin na gceapaithe siúd i gcomhthéacs a stair fostaíochta seirbhíse poiblí.

Seo a leanas na príomhfhórlacha a bhaineann le ballraíocht den Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ag a mbíonn pinsean iníoctha agus aois na cáilitheachta don Phinsean - 66 bliain d'aois faoi láthair.
- Aois Scoir: Caithfidh comhaltaí Scéime dul ar scor nuair a bhaineann siad aois 70 bliain amach.
- Úsáidtear meántuilleamh gairm bheatha chun sochair a ríomh (fabhraítear suim phinsin agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a ardú gach bliain agus tagairt don Phraghasinnéacs Tomhaltóirí (an PIT)).
- Tá méaduithe pinsin iarscoir nasctha leis an PIT.

### **Lacáiste Pinsin**

- Má bhí an ceapaí fostaíthe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má tá pinsean á fháil aige/aici ón Státseirbhís nó an tSeirbhís Phoiblí nó sa chás go dtosaítear le pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí le híoc i rith a f(h)ostaíochta, beidh an pinsean sin faoi réir lacáiste i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Fórlacha Eile), 2012. Tabhair faoi deara, le do thoil: Trí chur isteach ar an bpost seo, aithníonn tú go dtuigeann tú go mbeidh baint ag na fórlacha lacáiste, sa chás gurb iomchuí. Níl súil leis go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaíthe le hiarratas ar tharscaoileadh lacáiste maidir le ceapacháin leis an bpost seo.
- Má bhí an ceapaí fostaíthe roimhe seo sa Státseirbhís, áfach, agus má bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocrúithe deonacha luathscoir (seachas an Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER) nó Ciorclán 7/2010 na Roinne Sláinte VER/VRS nó Litir Chiorcláin LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a mbíonn duine neamh-incháilithe don iomaíocht faoi aon cheann díobh) cuirfear deireadh leis an teidlíocht don pinsean sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Is féidir socrúithe speisialta a dhéanamh, áfach, chun seirbhís a mheas a sholáthair an ceapaí roimhe seo ar mhaithe le haon bhronnadh aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an ceapaí a bheith incháilithe dó.

### **Ciorclán 102/2017 na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí isteach. Coinníoll den Scéim Luathscoir is ea é, seachas na cásanna a leagtar amach in ailt 10.2 agus 10.3 den cháipéisíocht ábhartha chiorcláin, agus leis na heisceachtaí siúd amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear ina dhiaidh sin é/í in aon cháil in aon limistéar den earnáil phoiblí, cuirfear deireadh láithreach le pinsean a íoc leis an duine sin faoin scéim sin. Atosófar le híocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a chuirfear deireadh leis an bhfostaíocht siúd nó ar bhreithlá 60 bliain an duine, pé ceann is déanaí, ach ar a atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís inríofa iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta a rinneadh a chomhaireamh roimhe seo san áireamh nuair a ríomhtar íocaíocht an phinsin).

## **Scor mar gheall ar Dhrochshláinte**

Tabhair faoi deara, le do thoil, tá ar aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo mar gheall ar dhrochshláinte faoi théarmaí scéim aoisliúntais a dhearbhu, ag céim thosaigh an iarratais, go bhfuil an pinsean sin á fháil acu, don eagraíocht a bhfuil an comórtas earcaíochta á riar aici.

Beidh ar iarratasóirí freastal ar oifig an POL go ndéanfar measúnú ar a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus aird ar an riocht a cáilíodh do scor iad mar gheall ar dhrochshláinte.

## **Ceapachán i ndiaidh don iarratasóir dul ar scor ón Státseirbhís mar gheall ar dhrochshláinte:**

Má éiríonn lena n-iarratas tríd an iomaíocht, ba cheart go mbeadh an t-iarratasóir ar an eolas ar an méid seo a leanas:

1. Má mheastar go bhfuil siad inniúil chun seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus má shanntar do phost iad, cuirtear stop lena bpinsean drochshláinte státseirbhíse.
2. Má theipeann ar an iarratasóir ina dhiaidh sin promhadh a dhéanamh nó má dhéanann siad an cinneadh an post a sannadh dóibh a fhágáil, ní féidir leo filleadh ar stádas scoir mar gheall ar dhrochshláinte, ná ní féidir pinsean scoir mar gheall ar dhrochshláinte na státseirbhíse a íoc arís, arb ann don phost sin sula ndearnadh iarratas ná níl teidlíocht dó.
3. Déanfar ball de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (SPASP) den iarratasóir nuair a cheaptar iad má bhí breis agus 26 seachtain de shos ina seirbhís phoiblí/státseirbhís inphinsin.

## **Ceapachán i ndiaidh don iarratasóir dul ar scor ón tseirbhís phoiblí mar gheall ar dhrochshláinte:**

1. Nuair a d'imigh duine aonair ar scor ó chomhlacht seirbhíse poiblí, b'fhéidir go mbeidh a p(h)insean drochshláinte ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithniú i gcomhréir leis na rialacha maidir le scor mar gheall ar dhrochshláinte faoin scéim sin.
2. Má éiríonn leis an iarratasóir, beidh ar an iarratasóir, ar a gceapadh, a dhearbhu cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil pinsean seirbhíse poiblí (pinsean drochshláinte nó pinsean eile) á fháil acu agus d'fhéadfadh a bpinsean seirbhíse poiblí a bheith faoi réir lacáiste.
3. Déanfar ball de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (SPASP) den iarratasóir nuair a cheaptar iad má bhí breis agus 26 seachtain de shos ina seirbhís phoiblí/státseirbhís inphinsin.

Tabhair faoi deara, le do thoil, tá eolas níos mionsonraithe maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd a bhfuil pinsean seirbhíse poiblí nó drochshláinte á fháil acu ar fáil [tríd an nasc seo](#).

## **Fabhrú Pinsin**

Beidh teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán is féidir a chur san áireamh i dtreo pinsin nuair a bhí duine mar bhall de bhreis agus scéim pinsin seirbhíse poiblí reatha amháin (i.e. Scéim nach Scéim Aonair í), faoi mar a shonraítear in Acht 2012. Foráiltear don teorainn 40 bliain seo san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh seo impleachtaí a imirt ar aon cheapaí ar ar bronnadh ceartha pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

## **Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais**

Bíonn an ceapachán seo faoi réir na ranníocaíochta aoisliúntais breise i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Nóta; déantar asbhaintí RBA anuas ar aon ranníocaíochtaí pinsin (ranníocaíochtaí na príomhscéime agus céilí agus leanaí) a theastaíonn faoi rialacha do scéime pinsin.

Chun teacht ar bhreis faisnéise maidir leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair do Státseirbhísigh, féach an láithreán gréasáin seo a leanas, le do thoil - [www.singlepensionscheme.gov.ie](http://www.singlepensionscheme.gov.ie).

## **Rúndacht agus Caighdeán Iompair: Rúndacht agus Ionracas Oifigiúil**

Beidh oifigeach, i rith théarma an chonartha promhaidh, faoi réir Fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Comhaontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe neamhúdraithe i rith nó ina dhiaidh na tréimhse fostaíochta.

## **Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse**

Beidh an ceapaí faoi réir Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

## **Na hAchtanna um Eitic in Oifig Poiblí**

Leagtar amach naoi gcaighdeán iompair agus cleachtas sa Chód Eitice do gach duine sa Gharda Síochána, agus baineann roinnt gealltanais le gach ceann díobh. D'fhorbair an tÚdarás Póilíneachta é i gcomhréir le hAcht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú. Tugtar aird sa Chód ar na Prionsabail Phóilíneachta a leagtar amach san Acht sin.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara, sa chás go meastar gur éirigh leo san iomaíocht, go mbeidh orthu dearbhú a shíniú a dhearbhaíonn go gcloífidh siad leis an gCód Eitice agus go ndearbhóidh siad gur léigh agus go dtuigeann siad Cód Eitice an Gharda Síochána agus go gcloífidh siad leis na caighdeáin a leagtar amach ann.

## **Foilseacháin a fhaomhadh roimh ré**

Comhaontóidh ball foirne a cheaptar gan ábhar a fhoilsiú a bhaineann lena d(h)ualgais oifigiúla gan cead a bheith faighte roimh ré ón oifigeach údaraithe cuí.

## **Gníomhaíocht Pholaitiúil**

Beidh an t-oifigeach faoi réir na rialacha a rialaíonn státseirbhísigh agus an pholaitíocht i rith théarma na fostaíochta.

### **FÓGRA TÁBHACHTACH**

**Is éard atá sa mhéid thuas ná príomhchoinníollacha seirbhíse agus ní bheartaítear go mbeidh an liosta cuimsitheach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir i gceist leis a leagfar amach sa chonradh fostaíochta lena gcomhaontófar leis an iarrthóir rathúil/na hiarrthóirí rathúla.**



## MÍR 6: Iarratais agus an Próiseas Roghnúcháin

### An Próiseas Iarratais

#### **Conas Iarratas a Dhéanamh**

Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ó:

[www.garda.ie](http://www.garda.ie)

Ní mheasfar go bhfuil iarratas bailí ach má líonadh gach mír ar an bhfoirm iarratais agus má fuarthas í faoin dáta deiridh. Caithfear an fhoirm iarratais a sheoladh ar aghaidh i bhformáid MS Word lena cheadú an líon focal a ríomh. Tabhair faoi deara, le do thoil, gur féidir iarrthóirí a dhícháiliú má sháraíonn said an líon focal a thugtar le fios do gach mír.

#### **Dáta Deiridh**

Caithfear iarratais a sheoladh ar aghaidh chuig [CO2023@garda.ie](mailto:CO2023@garda.ie) agus a mharcáil leis an teideal ábhair: **Oifigeach Cléireachais 2023**.

Is é an dáta deiridh chun iarratais a fháil: 3pm, 27ú Dé Céadaoin, Meán Fómhair, 2023.

#### **Ní ghlacfar le hiarratais a gheofar i ndiaidh an dáta deiridh.**

Moltar go ndéanann tú iarratas go mór roimh an dáta deiridh sa chás go dtagann aon deacrachtaí aníos. Beidh tacaíocht ar fáil i rith uaireanta oifige trí ríomhphost a sheoladh chuig [CO2023@garda.ie](mailto:CO2023@garda.ie) a fhad leis an dáta deiridh.

#### **Cumarsáid**

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go n-eiseofar an chumarsáid go léir a bhaineann leis an iomaíocht seo, na torthaí a chuirfear ar fáil san áireamh, ar ríomhphoist amháin. Ba cheart d'iarrthóirí a chinntiú go gcuirtear seoladh ríomhphoist bailí agus sonraí teagmhála bailí ar fáil ar an bhfoirm iarratais agus ba cheart dóibh a ríomhphoist a sheiceáil ar bhonn rialta.

#### **Ní bheidh aon deis do sheoladh ríomhphoist a athrú i rith phróiseas an chomórtais.**

Ní chuirfidh an Garda Síochána eolas faoi iarratas in iúl ach don iarrthóir, seachas d'aon tríú páirtí.

Ní ghlacann an Garda Síochána le haon fhreagracht as cumarsáid nach dtagann an t-iarratasóir uirthi nó nach bhfaigheann an t-iarratasóir.



## **Iarrthóirí ar mian leo go gcuirfear Freastal Réasúnta ar fáil dóibh**

Iarrtar ar iarrthóirí ar mian leo go gcuirfear freastal réasúnta ar fáil dóibh tuairisc shíceolaí / liachta a sheoladh ar aghaidh. Is é cuspóir na tuairisce chun gníomhú mar bhonn chun freastal réasúnta a dheimhniú, sa chás gur cuí. Caithfear na tuairiscí seo a sheoladh ar aghaidh go dtí An Príomhoifigeach Cúnta, an tUasal Ms. Patricia Murray, An Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna, Teach Áth Luimnigh, Baile Sheáin, An Uaimh, Contae na Mí, C15 ND62.

### **An Próiseas Roghnúcháin**

Fostóir comhdheiseanna é an Garda Síochána a oibríonn faoin gCód CCSP agus glacann sé le próiseas roghnúcháin ar bhonn inniúlachta ar aon dul le dea-chleachtas. Mar gheall gur gnách go bhfaightear níos mó iarratas ar phost ná mar a theastaíonn chun folúntais reatha agus amach anseo sa phost a líonadh, is féidir leis an nGarda Síochána an cinneadh a dhéanamh, ar chúiseanna praiticiúla, go nglaofar ar líon teoranta iarratasóirí incháilithe chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. Ina leith seo, déanfaidh an Garda Síochána soláthar do réimse tástálacha cuí, agallamh nó próiseas chun grúpa a roghnú ar dealraitheach gurb iad is oiriúnaí don phost ar bhealach cothrom.

D'fhéadfadh roinnt den mhéid seo a leanas, nó iad go léir, a bheith i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin:

- Foirm Iarratais;
- Iarrthóirí a chur ar ghearrliosta – Nuair atá an líon iarrthóirí i bhfad níos mó ná na líonta a theastaíonn le haghaidh ceapachán, is féidir tabhairt faoi bhearta leis an líon iarrthóirí a laghdú anuas go dtí líonta níos soláimhsithe le haghaidh agallaimh. Ní thugann seo le fios nach bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó nach bhfuil ar a gcumas tabhairt faoin bpost, ach ina ionad sin, gurb ann do roinnt iarrthóirí ar dealraitheach, bunaithe ar a n-iarratas, go bhfuil siad cáilithe níos fearr agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu. Roghnaítear bearta a dtéitear ina mbun ar bhunús ábharthachta maidir leis an bpost atá á líonadh agus cothroime do na hiarratasóirí go léir. D'fhéadfaí a áireamh leo, de ghnáth:
  - Measúnú ar líne - Déanann na tástálacha seo measúnú ar chumas a bhaineann le réasúnaíocht agus smaoineamh. Is gnách go mbeidh siad i bhfoirm stíleanna ó bhéal, uimhriúla nó réasúnaíochta cogaíche.
- Agallamh ar bhonn inniúlachta ar líne a chuireann Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna an Gharda Síochána ar bun. Ag agallamh, ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara gur féidir leis an mBord ceisteanna de chineál ginearálta a chur ag aon chéim i rith an agallaimh lena lorg cén leibhéal d'inniúlacht atá ag iarratasóir agus is féidir leo freisin fianaise faoi inniúlacht a fháil ó aon chéim den agallamh. Is féidir leis an mBord chomh maith iarraidh ar iarrthóir cur síos a dhéanamh ar shampla inar léirigh siad inniúlacht ar leith chomh maith leis an sampla a leagtar amach ar fhoirm iarratais an iarrthóra.

Beartaíonn an Garda Síochána measúnuithe ar líne a úsáid mar chuid den phróiseas roghnúcháin don chomórtas seo. Tá súil leis go n-eiseofar na naisc leis an tástáil idir lár agus deireadh Mheán Fómhair 2023.

Tá súil leis go dtosóidh an Garda Síochána céim agallaimh an phróisis roghnúcháin i nDeireadh Fómhair 2023.

I ndiaidh gur críochnaíodh an chéim mheasúnaithe ar líne, rangófar iarrthóirí rathúla i gcomhréir lena scór iomlán agus bronnfar Ord Fiúntais (OOM) orthu ar an bpainéal ina rogha láithreach, i.e. OOM 1 a bheidh san iarrthóir a bhainfidh an scór is airde amach ina rogha láithreach. Deimhneoidh an Garda Síochána an líon a ghlaofar chuig céim Agallaimh ó thráth go chéile. Tabharfar cuireadh chun agallaimh d'iarrthóirí de réir láithreach agus i ngrúpaí, agus is féidir leis an líon iarrthóirí i ngach grúpa bheith éagsúil.

Má dhéanfar breithniú ort chun leanúint ar aghaidh go dtí céimeanna ina dhiaidh sin den phróiseas roghnúcháin, seolfar eolas chugat ag an am cuí.

Caithfidh iarrthóirí a bheith ullamh le bheith ar fáil ar fógra gearr, chun tabhairt faoi agus freastal ar thástáil/thástálacha agus ar agallamh agus aon cháipéisíocht tacaíochta atá ag teastáil a sholáthar. Ní féidir leat tabhairt faoi na céimeanna éagsúla den phróiseas roghnúcháin, an t-agallamh san áireamh, ach uair amháin.

Mura bhfreastalaíonn tú ar an dáta/am a shonraítear, measfar gur aistarraing tú ón gcomórtas.

### **Iarrataí ar Athsceidealú**

Ní dhéanfar breithniú ar iarrataí ar athsceidealú ach faoi chúinsí eisceachtúla faoi mar a mheasann an Garda Síochána is inghlactha (e.g. Méala/Breuiteacht). Tabhair faoi deara, le do thoil, gur féidir leis an nGarda Síochána cáipéisíocht tacaíochta a iarraidh mar fhianaise.

### **Ní aisíocfar costais**

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach mbainfidh forálacha Chiorclán 6/89, Costais a Bhaint, le haon tairiscintí ceapachán a eascraíonn as an iomaíocht seo. De bhreis air sin, ní dhéanfar aon chostais a aisíoc a thabhaigh iarrthóirí fad a bhí siad ag tabhairt faoi nó ag freastal ar aon ghnéithe den phróiseas roghnaithe.

### **Grinnfhiosrúchán agus Imréiteach Slándála**

Iarrann an Garda Síochána ort tabhairt faoi phróiseas dian grinnfhiosrúcháin sa chás go ndéantar breithniú ort le haghaidh ceapacháin. Próiseas an-mhionsonraithe é agus féadfaidh sé a fhad le 12 sheachtain a ghlacadh chun é a chríochnú. Ní féidir thú a cheapadh gan an próiseas Grinnfhiosrúcháin seo a chríochnú.

## MÍR 7: Eolas Tábhachtach d'Iarrthóirí

### **Faisnéis Ghinearálta**

Ní bheidh an Garda Síochána freagrach as aon chostais a aisíoc a thabhaíonn iarrthóirí. Cuirfear poist ar tairiscint in ord do na hiarrthóirí siúd a bhaineann an marc is airde amach in ord foriomlán tuillimh a chuirfear le chéile i ndiaidh na n-agallamh, i.e. déanfar post a thairiscint do na hiarrthóirí a bhain an marc is airde amach, duine i ndiaidh duine.

### **Eolas Tábhachtach Eile**

Níor cheart glacadh leis, má cheadaítear do dhuine cur isteach ar chomórtas, nó má thugtar cuireadh dó/di freastal ar agallamh, go bhfuil an Garda Síochána sásta go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais. Is tábhachtach, ar an ábhar sin, go dtugann tú faoi deara go bhfuil an dualgas ortsa a chinntiú go gcomhlíonann tú na riachtanais cháilitheachta don chomórtas sula bhfreastalaíonn tú ar agallamh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála seo ach má fhreastalaíonn tú ar an agallamh, mar sin féin, beidh costais neamhriachtanacha á n-íoc agat.

Sula molfar aon iarrthóir lena c(h)eadadh leis an bpost seo, déanfaidh an Garda Síochána na fiosrúcháin go léir siúd a mheastar is gá, e.g. sláinte, carachtar, teistiméireachtaí fostóra, seiceálacha slándála agus grinnfhiosrúchán san áireamh, le hoiriúnacht an iarrthóra sin a dheimhniú. Ní féidir cinntiúchán deiridh a dhéanamh go dtí go mbíonn gach céim den phróiseas earcaíochta tugtha chun críche go hiomlán ná ní féidir a mheas nó a cheapadh go ndearnadh an cinntiúchán sin.

### **Critéir Shonracha an Iarrthóra**

Anuas ar na critéir cháilitheachta a leagtar amach a shásamh, caithfidh iarrthóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An t-eolas agus an cumas a bheith acu dualgais an phoist atá i gceist a chomhlíonadh;
- Bheith oiriúnach ar bhunús sláinte agus charachtair;
- Bheith oiriúnach ar gach bealach eile chun go gceapfar iad leis an bpost atá i gceist.

Má éiríonn leo, ní cheapfar leis an bpost iad mura sásaíonn siad na riachtanais a leanas:

- Comhaontaíonn siad chun tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost agus glacann siad leis na coinníollacha faoina ndéantar na dualgais nó faoi na coinníollacha faoina bhféadfadh na dualgais a bheith le déanamh;
- Tá siad go hiomlán inniúil agus ar fáil chun tabhairt faoi na dualgais, agus tá ar a gcumas gan stró na dualgais a dhéanamh a bhaineann leis an bpost.

### **Ceapacháin ó phainéil**

Bunóidh an Garda Síochána painéil daoine a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha bainte amach acu le folúntais bhuana agus shealadacha a líonadh, a d'fhéadfadh teacht aníos sna láithreacha éagsúla ar fud na heagraíochta. Má dhéantar post a chur ar tairiscint d'iarrthóir agus má ghlacann siad leis, caithfidh siad a bheith ar fáil chun glacadh leis an bpost sin laistigh d'amfhráma réasúnta. Ní fios ag an nGarda Síochána cén méid folúntas a d'fhéadfaí a líonadh i gcaitheamh shaolré an phainéil, agus d'fhéadfadh nach mbainfear an t-ord fiúntais amach d'iarrthóirí.

Ní chinntítear go gceapfar thú le post díreach mar gheall go gcáilíonn tú agus gur cuireadh thú ar phainéal.

Is féidir post Oifigeach Cléireachais Buan a chur ar tairiscint freisin d'iarrthóirí a sanntar poist Oifigeach Cléireachais Sealadach dóibh, má d'éirigh leo ar an bpainéal sin agus má bhaintear an tOrd Fiúntais amach dá láthair.

A luaithe a bhainfear painéal Oifigeach Cléireachais Buan amach, is gnách nach ndéanfar breithniú ar iarrthóirí ach do phost amháin. Tabhair faoi deara, le do thoil, go mbainfear iarrthóirí ón bpainéal agus ní dhéanfar aon tairiscintí eile ceapacháin leo a luaithe a ghlacfar le ceapachán.

Rachaidh na painéil in éag dhá bhliain tar éis gur bunaíodh iad, mura gcuirtear síneadh leo ar bhealach eile, nó nuair a bheidís éagtha, pé ceann is luaithe. Ní bheidh iarrthóirí nár ceapadh ar éag an phainéil ábalta éileamh a dhéanamh ar cheapachán ina dhiaidh sin mar gheall go raibh siad ar an bpainéal.

### **Teistiméireachtaí**

Má dhéantar breithniú ort do phost, beidh ort ainmneacha moltóirí a sholáthar. Ní gá go n-áirítear d'fhostóirí reatha leis na moltóirí. Ba cheart eolas a sholáthar sna teistiméireachtaí faoi d'fheidhmíocht agus d'iompar le déanaí i gcomhthéacs oibre. Tabhair faoi deara, le do thoil, má éiríonn leat ag agallamh agus má dhéantar breithniú ort do phost, teastóidh teistiméireacht uainn ó d'fhostóirí reatha sula sannfar thú. Ní leor ráiteas fostaíochta agus ní ghlacfar leis mar theistiméireacht fostóra. Ní dhéanfar teagmháil le d'fhostóirí ach má thoilíonn tú dó sin.

### **A mheas gur aistarraingíodh iarrthóireacht**

Ní bheidh aon éileamh breise ag iarrthóirí go ndéanfar breithniú orthu nuair nach bhfreastalaíonn siad ar agallamh san áit agus ag an tráth a iarrtar orthu amhlaidh a dhéanamh, nó nach soláthraíonn an fhianaise sin a lorgáítear maidir le haon cheist a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

### **Tairiscint cheapacháin a dhiúltú**

Sa chás go ndiúltaíonn an duine a mholtar do cheapachán, nó i ndiaidh glacadh leis, sa chás go dtugann sé/sí an post suas, féadfaidh Acmhainní Daonna an Gharda Síochána, faoina lánrogha, an post a thairiscint don chéad iarrthóir eile ar an bpainéal.

### **Rúndacht**

Is féidir le hiarrthóirí súil a bheith leis go gcaitear le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné de na himeachtaí faoi rún daingean faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Baintear míreanna áirithe faisnéise, nach mbaineann go sonrath le haon duine aonair, ó thaifid ríomhaire ar mhaithe le cuspóirí ginearálta staitistiúla.

### **Trealamh Taifeadta a Úsáid**

Ní cheadaíonn an Garda Síochána úsáid gan chead a bhaint as aon saghas trealamh taifeadta ina áitreabh nó i rith measúnú agus agallamh ar líne. Baineann seo le haon fhoirm de

thaifeadadh fuaimne agus aon saghas taifeadta grianghraif nó fístaifeadadh, cibé acu má áirítear nó mura n-áirítear taifeadadh fuaimne leo, agus áirítear leis seo freisin aon saghas gléis a úsáidtear ar na cuspóirí seo. Caithfidh aon duine ar mian leo aon trealamh den saghas sin a úsáid ar aon chinn de na cuspóirí seo cead scríofa a lorg roimh ré. Tá an beartas seo i bhfeidhm chun príobháideacht na foirne agus custaiméirí agus iomláine ár n-ábhair mheasúnaithe agus ár bpróiseas measúnaithe a chosaint. Sáraíonn úsáid gan chead a bhaint as trealamh taifeadta ag aon duine an beartas seo. D'fhéadfaí aon iarrthóir a dhéanann an sárú sin a dhícháiliú ón iomaíocht agus d'fhéadfaidís a bheith faoi réir ionchúisimh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

### **Cód Cleachtais, Athbhreithnithe agus Gearáin**

Baineann Cód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (an CCSP), Ceapachán chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, leis an iomaíocht seo agus is féidir amharc air ag [www.cpsa.ie](http://www.cpsa.ie). Tugtar cuntas i gCód Cleachtais an CCSP ar na nósanna imeachta inar féidir le hiarrthóir athbhreithniú a lorg maidir le cinneadh a rinneadh maidir lena (h)iarratas nó maidir le líomhaintí i dtaobh sárú ar an gCód Cleachtais.

Ba cheart iarrataí ar athbhreithniú a sheoladh i scríbhinn chuig [CO2023.CPSA@garda.ie](mailto:CO2023.CPSA@garda.ie) ina leagtar amach go soiléir na forais atá leis an athbhreithniú agus ina sonraítear an Mhír ábhartha den Chód.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach é ról an athbhreithnithe fhoirmiúil athmheasúnú a dhéanamh ar nó tuairim a nochtadh faoin iarrthóir ach, ina ionad sin, a dtuairimí a dheimhniú, de bhun an eolais atá ar fáil, faoin méid seo a leanas:

- Cloíodh leis na nósanna imeachta a leagtar amach don phróiseas roghnúcháin i gceart
- Rinneadh an bunchinneadh ar bhunús eolas ceart agus iomlán
- Rinneadh an bunchinneadh go cuí

I gcomhréir le prionsabail an Chóid Chleachtais thuas, tá an Garda Síochána tiomanta d'aiseolas soiléir, sonrath agus bríoch a sholáthar d'iarrthóirí. Ina thaobh seo, cuirfear aiseolas scríofa ar fáil d'iarrthóirí. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná na marcanna a bronnadh ar an iarrthóir ón iomaíocht agus nótaí tráchta a bhreac an bord agallaimh síos faoi fheidhmíocht an iarrthóra, faoi mar is cuí.

Ba cheart d'iarrthóir nach bhfuil á lorg acu ach soiléiriú ar an mbunús maidir leis an gcinneadh a rinneadh faoina n-iarrthóireacht an t-aiseolas seo a fháil ón sealbhóir oifige i gceannas ar an bpróiseas earcaíochta. Ní gá dóibh aon cheann de na nósanna imeachta dá dtagraítear thuas a ghairm.

### **An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018.**

Ní phróiseálfar sonraí pearsanta a sholáthraíonn iarrthóirí ach ar na cuspóirí a shonraítear sa cháipéis seo, agus laistigh de bhonn dleathach a shainítear go soiléir faoin Rialachán Ginearálta

um Chosaint Sonraí (AE) (an RGCS) ((AE)2016/679) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988/2018.

Cuirfear gach beart i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn sonraí pearsanta á gcoimeád sábháilte agus slán, agus ní phróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha. Ní choimeádfar sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá chun an cuspóir dá bhfuarthas iad a bhaint amach.

### **Stocaireacht**

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go gcuirtear cosc ar an méid seo a leanas a dhéanamh, go díreach nó go hindíreach;

- Stocaireacht maidir leis an bpróiseas;
- Pearsanú ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas;
- Tionchar a imirt ar chinneadh a dhéanann duine ar bith maidir leis an bpróiseas; nó
- Cur isteach ar nó baint den phróiseas ar bhealach ar bith.

### **An Cód Cleachtais a Shárú**

Tá aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chabhraíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú ciontach i gcion. Tá duine a fhaightear ciontach i gcion faoi dhliteanas fíneáil a íoc nó téarma a chaitheamh i bpríosún.

Anuas air sin, sa chás gurb iarrthóir i bpróiseas earcaíochta duine a fuarthas ciontach i gcion, dícháileofar iad mar iarrthóir agus fágfar as an áireamh ón bpróiseas iad. Nuair a ceapadh iarrthóir le post i ndiaidh an phróisis earcaíochta, bainfear iad ón bpost sin.